



Ollscoil Mhá Nuad

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc & Tástáil Teagascóir Gaeilge, Páras (Conradh leathama 10 mí)

An ról

Tá Teagascóir Gaeilge (leathama) á lorg ag Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad lenár gcuid cúrsaí Gaeilge a mhúineadh sa Centre Culturel Irlandais i bPáras na Fraince. Beidh an té a cheapfar freagrach do Stiúirthóir Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil.

Príomhdhualgais

Beidh ar an Teagascóir Gaeilge tabhairt faoi pé dualgais a shonróidh an Ollscoil taobh istigh d'uaireanta oibre an chonartha, i sásamh Stiúirthóir Lárionad na Gaeilge. Féadfaidh na dualgais seo a leanas a bheith i measc na ndualgas sin, ach níl siad teoranta dóibh:

- Cúrsaí Gaeilge a mhúineadh, bunaithe ar shiollabais Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag na leibhéil seo a leanas: A1, A2, B1, B2.
- Ábhar teagaisc a réiteach, a uasdátú nó a chur in oiriúint do na ranganna éagsúla agus a chur ar fáil do na foghlaimoirí. Dul i gcomhairle le Stiúirthóir Lárionad na Gaeilge nó a (h)ainmní siúd maidir le forbairt agus uasdátú a dhéanamh ar na cúrsaí teanga.
- Anailís a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimoirí, aiseolas fiúntach a chur ar fáil dóibh agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann siad;
- An t-ullmhúchán riachtanach go léir a dhéanamh chun go mbeifear in ann ábhar na gcúrsaí a mhúineadh, an fhoghlaim idirghníomhach a threorú, eolas a thabhairt agus ceisteanna na bhfoghlaimoirí a fhreagairt.
- Freagracht a ghlacadh as an trealamh go léir a úsáidtear, cinntiú go gcloítear leis na nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta go léir, gníomhú chun timpeallacht shábháilte a áirithiú, agus aon ábhar imní a chur ar a s(h)úile do Stiúirthóir Lárionad na Gaeilge nó a (h)ainmní siúd.
- An obair riaracháin a bhaineann le mic léinn a chlárú, ábhar teagaisc a chur ar fáil, scrúduithe TEG, dianchúrsaí, bronnadh na dteastas, nó cúraimí eile riaracháin a thagann chun cinn.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha a bhaineann leis an nGaeilge agus an nGaeilge a chur chun cinn.



Beidh ag an iarrthóir is oiriúnaí:

- Céim onóracha ar a laghad sa Ghaeilge nó in ábhar eile cúí;
- Ardleibhéal inniúlachta agus cruinnis sa Ghaeilge, idir scríofa agus labhartha (C1 TEG nó a chomhionann);
- Cumas cumarsáide sa Fhraincis agus/nó suim cur lena c(h)uid Fraincise;
- Sárscoilleana teagaisc, riaracháin, eagrúcháin agus cumarsáide;
- Taithí agus tuiscint ar theagasc na Gaeilge d'fhoghlaimoírí fásta agus ar an teagasc ar líne;
- An Teastas/ Dioplóma i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimoírí Fásta nó a chomhionann;
- Taithí ar a bheith ag dearadh ábhar teagaisc agus acmhainní foghlama, agus tuiscint ar an dea-chleachtas a bhaineann leis na réimsí sin;
- Scileanna maithe ríomhaireachta.

An Ollscoil

Is ceann de cheithre cinn de chomhcholáistí Ollscoil na hÉireann í Ollscoil Mhá Nuad, agus in 2017 ainmníodh í i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan ar ollscoileanna iad atá níos lú ná 50 bliain ar an bhfód, de réir Rangú Domhanda ar Ollscoileanna a rinne Times Higher Education. Bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad go foirmiúil mar ollscoil fhéinrialaitheach in 1997 ach is amhlaidh a théann stair na hOllscoile siar chomh fada le bunú Choláiste Ríoga Naomh Pádraig in 1795 agus faigheann sí inspioráid ó oidhreacht a chuimsíonn breis agus 200 bliain d'oideachas agus de scoláireacht. Tá sí suite i mbaile ollscoile Mhaigh Nuad, 25 ciliméadar taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, príomhchathair na hÉireann.

Is institiúid nua-aimseartha í an Ollscoil atá fuinniúil, treoraithe ag an taighde, gníomhach, agus fréamhaithe i dtraidisiúin an oideachais liobrálach. Agus níos mó ná 12,000 mac léinn aici, tá Ollscoil Mhá Nuad ar an ollscoil is mó fás in Éirinn. Mar sin féin, tá cultúr coláisteach campais fós againn, rud a chabhraíonn linn go háirithe saineolas suntasach idirdisciplíneach a chur i bhfeidhm agus muid ag plé le cuid de na dúshlán is bunúsaí atá le sárú ag sochaí an lae inniu. Tá próifíl shainiúil dhisciplíneach ag Ollscoil Mhá Nuad i gcomparáid le hinstitiúidí eile in Éirinn agus láidreachtaí taighde agus teagaisc aici sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, san eolaíocht, san innealtóireacht leictreonach, sa ghnó, sa dlí agus in oideachas múinteoirí. Tá institiúidí agus ionaid mhóra taighde ag an Ollscoil sna daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta, matamaitic, ríomhaireacht agus cumarsáid, sláinte dhaonna, gnó agus nuáil seirbhísí, athrú aeráide agus geoiríomhaireacht.

Tá an Ollscoil anois ag cur tús le tréimhse úr spreagúil le cur i bhfeidhm Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22 agus é mar aidhm aici clú Ollscoil Mhá Nuad a dhaingniú mar "ollscoil a aithnítear as sártheagasc, taighde den scoth, dearcadh domhanda, gníomhú éifeachtach leis an tsochaí a mbímid ag freastal uirthi, chomh maith lenár gcur chuige dearscnaitheach i dtaobh na ndúshlán a bhaineann le hardoideachas na linne seo."

Tógann Straitéis na hOllscoile 2018-22 ar an méid atá bainte amach go dtí seo againn, agus díritear fuinneamh institiúideach agus acmhainní ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar thaighde agus ar oideachas iarchéime. Díritear ar na nithe seo a leanas sa straitéis:

- infheistíocht spriocdhírthe i gcumas taighde i roinnt réimsí tosaíochtaí;
- cur leis an bpunann iarchéime agus an pobal iarchéime a mhéadú;
- na buntáistí iomlána a bhaint as an gcuraclam fochéime nuálach atá againn;
- cur le heispéireas na mac léinn;
- idirnáisiúnú cuimsitheach agus eiticiúil;
- comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus ilchultúrachas mar chumasóirí ardchaighdeáin léinn.



Is é atá ar chúl na spriocanna straitéise sin an tiomantas atá againn chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine i dtús báire agus deiseanna a chur ar fáil dóibh chun forbairt agus fás a dhéanamh agus chomh maith leis sin infheistíocht a dhéanamh sna córais agus sa bhonneagar a theastaíonn chun ár gcuspóirí léinn agus oideachais a bhaint amach.

Dámh agus Institiúidí Taighde

Tá Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta comhdhéanta de Ranna na Sean-Chlasaicí, na Staire, an Cheoil, na Fealsúnachta, Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Scoil an Bhéarla, Staidéar Meán agus Amharclainne agus an institiúid taighde, an Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí. Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na rann éagsúil, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na rann agus tacú le cláir idir-rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad.

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil

Is aonad de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh é Lárionad na Gaeilge, a tháinig in áit Ionad na dTeangacha agus atá ag tógáil ar an obair cheannródaíoch a rinneadh san Ionad ar feadh breis is fiche bliain. Is é misean Lárionad na Gaeilge teagasc agus oiliúint teanga ar ardchaighdeán a chur ar fáil, a fhreagraíonn d'athruithe i gcomhthéacs an oideachais san Ollscoil féin, sa phobal a bhfreastalaíonn an Ollscoil air agus ar bhonn idirnáisiúnta.

Tá teist na nuálaíochta ar obair an Lárionaid ó bunaíodh é agus féachann muid i dtreo an dea-chleachtas idirnáisiúnta lena chinntiú go mbíonn an taighde, teagasc agus tástáil, atá mar chrann taca na hoibre, ar an gcaighdeán is airde.

I dteannta leis an teagasc teanga a dhéantar do Roinn na Nua-Ghaeilge, do ranna eile ollscoile, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne, tairgeann an Lárionad an Diplóma Iarchéime agus an MA san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne), an Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimoirí Fásta (ar líne), an Dianchúrsa i Scríobh na Gaeilge (ar líne) agus Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG). Is gné thábhachtach d'obair an Lárionaid na gníomhaíochtaí for-rochtana idir na cúrsaí ar líne thuasluaite agus ionaid scrúduithe TEG ar fud na hÉireann agus thar lear.

Is é Lárionad na Gaeilge ball na hÉireann san Association of Language Testers in Europe (ALTE) agus bronnadh Q-Mharc ALTE ar an Lárionad faoi dhó do scrúduithe TEG. Tá an Séala Eorpach Teanga bainte trí huair ag an Lárionad. Chomh maith leis na cúrsaí agus na scrúduithe, cuirtear acmhainní d'fhoghlaimoirí Gaeilge ar fáil ar shuíomh idirlín na hOllscoile, ina measc Vifax don Ghaeilge, a ghnóthaigh beagnach 150,000 amas le bliain anuas.

Bunaítear obair an Lárionaid ar an taighde agus an dea-chleachtas i réimse an mheasúnaithe teanga agus na teangeolaíochta feidhmí agus is gnách go dtógann muid tograí taighde ar láimh agus go gcuireann muid comhdhálacha ar siúl sna réimsí seo. Déanann muid measúnú teanga chomh maith do ranna acadúla eile in Ollscoil Mhá Nuad agus in ollscoileanna eile mar chuid de thograí taighde.

Centre Culturel Irlandais

Tá dlúthbhaint stairiúil ag Ollscoil Mhá Nuad leis an Centre Culturel Irlandais. Bunaíodh Coláiste na nGael i bPáras na Fraince sa 16ú haois agus bhí sé ina lárionad léinn ag an Eaglais Chaitliceach san



Eoraip go dtí gur cailleadh é i Réabhlóid na Fraince sa bhliain 1789. Is mar thoradh díreach air sin a bunaíodh Coláiste Ríoga Naomh Pádraig i Má Nuad in 1795. Rinneadh athchóiriú ar fhoirgneamh Choláiste na nGael ag tús an 21ú haois agus osclaíodh arís é mar ionad cultúrtha sa bhliain 2002. Tá Lárionad na Gaeilge ag comhoibriú leis an Centre Culturel Irlandais ó bhí 2005 ann, chun cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil san ionad, le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Bíonn os cionn 50 foghlaimoir ag freastal ar na cúrsaí sin gach bliain.

Roghnúchán agus Ceapachán

- Ní thabharfar cuireadh chun agallaimh ach d'iarrthóirí a n-éireoidh leo an gearrliosta a bhaint amach.
- Déanfaidh an tUachtarán ceapacháin a fhaomhadh i bhfianaise thuairisc an bhoird roghnúcháin;
- Táthar ag súil go mbeidh feidhm leis an gceapachán ón 1 Meán Fómhair 2021.

Téarmaí agus Coinníollacha

Is post leathama é seo (18.5 n-uair an chloig oibre sa tseachtain, lena n-áirítear 8 n-uair an chloig teagaisc.) Is sa tráthnóna a dhéanfar an teagasc.

Is ceapachán 10 mí (1/09/21–30/06/22) a bheidh sa phost faoi réir Reachtanna na hOllscoile.

Múinfeadh na ranganna sa Centre Culturel Irlandais i bPáras, más féidir, nó ar líne, más gá, ag brath ar shrianta Covid-19.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Is mór ag Ollscoil Mhá Nuad an saibhriú a thagann le pobal ilghnéitheach agus féachaimid le comhionannas a chur chun cinn, le leatrom a sheachaint agus le cearta daonna an uile dhuine a chosaint. Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár dtiomantas don Chomhionannas agus Éagsúlacht, is féidir Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad [Equality and Diversity Policy](#) a léamh. Lena chois sin, mar institiúid a bhfuil [Athena SWAN Bronze Award](#) bainte amach aici, tá muid tiomanta do chur chun cinn comhionannais inscne ar fud na hOllscoile.

Féachaimid le héagsúlacht an phobail sin a riaraimid air a léiriú agus fáiltímid roimh iarratais ó chách.

Dlí Cosanta Sonraí

Déanfaidh Ollscoil Mhá Nuad próiseáil ar shonraí pearsanta a thugann tú mar chuid de d'iarratas ar an ról seo de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 2018.

Má éiríonn le d'iarratas agus má ghlacann tú le tairiscint fostaíochta ag Ollscoil Mhá Nuad, leanfar de phróiseáil do shonraí pearsanta de réir Fhógra príobháideachais Sonraí Foirme Ollscoil Mhá Nuad.

Is féidir na fógraí príobháideachais agus tuilleadh eolais a bhaineann le cosaint sonraí, ar a n-áirítear polasaithe agus próisis eile um chosaint sonraí Ollscoil Mhá Nuad, a fheiceáil ag <https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection>



Tuarastal

Teagascóir Sinsearach Ollscoile (2020): €49,512 – €55,740 p.a. (pro rata) (4 phointe)
(.i. €2,063–€2,322.50 sa mhí x 10 mí don chonradh leathama seo)

Déanfar an ceapachán de réir threoirlínte pá na Roinne Airgeadais.

An Próiseas Iarratais

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bpost trínár **dTairseach Earcaíochta ar Líne** ag an nasc seo a leanas: <https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies>

Dáta deiridh: 23:30 (am na hÉireann) **Dé Domhnaigh, 23 Bealtaine 2021**

Caithfear iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am a shonraítear thuas. Cealóidh an córas go huathoibríoch iarratais atá fós idir lámha ag an am deiridh ar an dáta deiridh sonraithe. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

Is fostóir comhdheiseanna í Ollscoil Mhá Nuad

Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile

